



Iompar Scoile 2015/2016

A Phríomh-Oide, a chara,

Roimh an Oíche Oscailte/Rollaithe agat, is mian liom aird a tharraingt arís ar théarmaí na scéime iompar scoile iar-bhunoideachais, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag www.education.ie

Go simplí, tá leanaí cáilithe um iompar sa chás go bhfuil cónaí orthu fad nach lú ná 4.8km ón ionad scoile iar-bhunoideachais is cóngaraí dóibh, mar atá measta ag an Roinn/Bus Éireann, éiteas agus teanga faoi aird, agus go bhfuil siad ag freastal ar an ionad sin.

Maidir le scoil iar-bhunoideachais a roghnú, is tábhachtach go gcuirfí tuismitheoirí ar an eolas faoi chritéir cháilitheachta um sholáthar iompar scoile; ag éirí ó athruithe a tugadh isteach i Meán Fómhair 2012, tharlódh sé go mbeadh leanaí sa cheantar nó teaghlach céanna cáilithe um iompar chuig scoileanna éagsúla. Cé gur saincheart ag tuismitheoirí é a guid leanaí a sheoladh chuig an scoil is rogha leo, is chuig an scoil is cóngaraí cáilitheacht um iompar scoile.

Mar chabhair do thuismitheoirí maidir le cáilitheacht um iompar scoile, ba mhór againn dá bhféadfaí an Bhileog *Ceisteanna agus Freagraí* atá faoi iamh a thabhairt ar aird tuismitheoirí ag an oíche oscailte/rollaithe agat.

Tá Foirmeacha Iarratais ar fáil ar líne ag www.buseireann.ie agus caithfear iad a chur isteach roimh an Aoine dheireanach in Aibreán (**24ú Aibreán 2015**). Is tábhachtach go ndéantar iarratais um iompar scoile in am mar nach féidir suíocháin a rathú d'iarratasóirí déanacha.

Is féidir le tuismitheoirí tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an oifig áitiúil ag Bus Éireann; tá sonraí teagmhála leis seo.

Is mór againn do thacaíocht maidir le scaipeadh an eolais seo ar thuismitheoirí.

Le dea-ghuí,

Gearóid Mag Fhionnáin,
Bainisteoir, Iompar Scoile.



IOMPAR SCOILE – Scoilbhliain 2015/2016

1. Cé tá cáilthe?

Tá leanaí cáilithe um iompar scoile iar-bhunoideachais sa chás go bhfuil cónaí orthu **4.8 ciliméadair** ar a laghad ón scoil **is cóngaraí dóibh**, agus ag freastal ar an scoil sin.

2. Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Ar líne chuig Bus Éireann ag www.buseireann.ie

3. Cathain is gá dom iarratas a dhéanamh?

Ba chóir iarratais a chur isteach roimh an Aoine dheireanach in Aibreán. Ní rathaítear suíochán d'iarratasóirí déanacha.

4. Cad é an táille?

Is é an táille reatha bliana ná €350 ar gach leanbh – uastáille teaghlaigh €650.

5. An féidir liom íocaíocht a roinnt le linn na scoilbhliana?

Is féidir dhá thráthchuid a íoc – i Mí Iúil agus i Mí na Nollag.

6. An bhfuil roinnt leanaí soar ó íocaíocht?

Tá leanaí cáilithe – iad siúd a bhfuil cónaí orthu **4.8 ciliméadair** ar a laghad ón scoil **is cóngaraí dóibh** agus ag freastal ar an scoil sin - ag a bhfuil Cártaí Leighis (scéim SLG) bailí saor ó íocaíocht. Caithfidh gach leanbh eile íoc.

7. Cá bhfuil sonraí breise faoin scéim ar fáil?

Tá téarmaí iomlána na Scéime Iompar Scoile Iar-Bhunoideachais ar fáil ag www.education.ie agus www.buseireann.ie.

8. Cá bhfuil breis eolais ar fáil?

Ón Oifig áitiúil Iompar Scoile ag Bus Éireann – sonraí teagmhála ar a chúl seo.



<u>Contaetha</u>	<u>Oifig Áitiúil</u>	<u>Teileafón</u>	<u>R-phost</u>
Baile Átha Cliath, Cill Mhantáin, Cill Dara & An Mhí	Oifig Iompar Scoile, Teach Teamhrach, Sr. na Teamhrach., Baile Átha Cliath 2.	01 8302222	schools.dublin@buseireann.ie
An Cabhán, Lú & Muineachán	Oifig Iompar Scoile, Bus Éireann, An Siúlán Fada, Dún Dealgan, Co.Lú.	042 6825999	schools.dundalk@buseireann.ie
Corcaigh	Oifig Iompar Scoile, Bus Éireann, Tobar an Chaipín, Corcaigh.	021 4557137 / 021 4557129	schools.cork@buseireann.ie
Ciarraí	Oifig Iompar Scoile, Bus Éireann, Stn. Mhic Asmaid, Trá Lí, Co. Chiarraí.	066 7164750	schools.tralee@buseireann.ie
Luimneach, An Clár & Tiobraid Árann (Thuaidh)	Oifig Iompar Scoile, Bus Éireann, Br. Bhaile an Róistigh, Luimneach.	061 217484	schools.limerick@buseireann.ie
Ceatharlach, Cill Chainnigh, Loch Garman, Tiobraid Árann (Theas) & Port Láirge	Oifig Iompar Scoile, Bus Éireann, Stn. Phluincéid, Port Láirge.	051 873401	schools.waterford@buseireann.ie
Gaillimh	Oifig Iompar Scoile, Bus Éireann, Stn. Éamainn Ceannt, Gaillimh.	091 537512 / 091 537694	schools.galway@buseireann.ie
Laois, Uíbh Fhailí, An Longfort, Ros Comáin & An Iarmhí	Oifig Iompar Scoile, Bus Éireann, Br. an Stáisiúin, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.	090 6473277	schools.athlone@buseireann.ie
Maigh Eo	Oifig Iompar Scoile, Bus Éireann, Sr. Chaoimhín de Barra, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.	096 71816	schools.ballina@buseireann.ie
Sligeach & Liatroim	Oifig Iompar Scoile, Bus Éireann, Stn. Mhic Dhiarmada, Sligeach.	071 9160440	schools.sliogo@buseireann.ie
Dún na nGall	Oifig Iompar Scoile, Bus Éireann, Srath an Urláir, Co. Dhún na nGall.	074 9131008	schools.stranorlar@buseireann.ie